## <u>Teimpléad Éigeantach 1</u> : Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca

### Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is scoil í <u>Gaelscoil Eois</u> a sholáthraíonn oideachas bunscoile do dhaltaí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta Gaelscoil Eois an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí

2 Is í **<u>Laura Nic Grianna</u>** an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

3 Is í **<u>Michele Nic Bhloscaidh</u>** an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

4 Is í **<u>Laura Nic Grianna</u>** an Duine Ábhartha

5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus

- meas iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

6 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna

imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

7 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

8 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an **22ú Deireadh Fómhair 2025**

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an **22ú Deireadh Fómhair 2025**

**Síniú:** Brendan Ó Dufaigh

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

**Dáta:** **22/10/25**

**Síniú:** Laura Nic Grianna

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

**Dáta:** **22/10/25**

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

**Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le Gaelscoil Eois**

De réir mhír 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an riachtanais i gCaibidil 8 de *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017*, is é an méid seo a leanas Measúnú Riosca Scríofa Ghaelscoil Eois

**Liosta na nGníomhaíochtaí Scoile**

- Teacht agus imeacht laethúil scoláirí
- Sosanna áineasa do scoláirí
- Teagasc is seomra ranga
- Teagasc duine le duine
- Comhairleoireacht duine le duine
- Gníomhaíochtaí teagaisc allamuigh
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Cuairteanna scoile
- Turais scoile a mbíonn stopadh thar oíche i gceist leo
- Turais scoile a mbíonn taisteal thar sáile i gceist leo
- Úsáid saoráidí leithris / athrú feistis / ceatha i scoileanna
- Soláthar ionaid chónaithe i gcomhair scoláirí cónaithe
- Lá Spóirt Bliantúil
- Campa DEIS Litearthacht agus Uimhearach
- Imeachtaí Bailiú Airgid a mbíonn scoláirí páirteach iontu
- Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair an choláiste i gcomhair gníomhaíochtaí scoile
- Socruithe taistil scoile
- Campaí Samhraidh lasmuigh de am scoile
- Cúram páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram nuair is gá
- Cúram scoláirí soghonta ar bith, lena n-áirítear dlúthchúram nuair is gá
- Iompraíocht dhúshlánach i measc scoláirí a bhainistiú, lena n-áirítear úsáid srian cuí nuair is gá
- Míochaine a thabhairt
- Cóireáil gharchabhrach a thabhairt
- Soláthar curaclaim i dtaca le OSPS, OCG, Bí Folláin
- Cosc ar Bhulaíocht agus déileáil le bulaíocht i measc scoláirí
- Oiliúint na mball foirne i gcúrsaí cosaint leanaí
- Úsáid pearsanra seachtrach chun cur leis an gcuraclam
- Úsáid pearsanra seachtrach chun cur le spóirt agus le gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile
- Cúram scoláirí a bhfuil soghontacht nó riachtanais ar leith ag baint leo amhail
    - Scoláirí ó mhionlaigh eitneacha / inimircigh
    - Baill den phobal Taistealaithe
    - Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (Leanaí LEDT)

    - Scoláirí a mheastar a bheith LEDT
    - Scoláirí ó chreidimh reiligiúnacha mionlach
    - Leanaí faoi chúram
- Earcaíocht foireann scoile lena n-áirítear
    - Múinteoirí / CRSanna
    - Airíoch / Rúnaí / Glantóirí
    - Cóitseálaithe Spóirt
    - Oidí Seachtracha / Aoichainteoirí
    - Saorálaithe / Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile
    - Cuairteoirí / conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile
    - Cuairteoirí / conraitheoirí i láthair sa scoil le linn imeachtaí iarscoile
- Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide i measc scoláirí sa scoil
- Cur i bhfeidhm smachtbhannaí de réir Chód Iompair na scoile lena n-áirítear coinneáil siar scoláirí, coigistiú guthán srl.
- Scoláirí ag glacadh páirt i dtaithí oibre sa scoil
- Scoláirí imithe ón scoil ag glacadh páirt i dtaithí oibre in áit eile
- Múinteoirí faoi oiliúint ar socrúchán oiliúna sa scoil
- Úsáid físeáin / grianghrafadóireachta / meáin eile chun imeachtaí scoile a thaifead
- Eagraíochtaí eile ag úsáid láthair na scoile tar éis na scoile
- Eagraíochtaí eile ag úsáid láthair na scoile le linn an lae scoile
- Ionad Obair Baile

**D'aithin Gaelscoil Eois na rioscaí dochair seo a leanas maidir lena chuid gníomhaíochtaí –**

- Baol nach n-aithneoidh pearsanra na scoile an díobháil
- Baol nach dtuairisceoidh pearsanra na scoile an díobháil mar is cuí agus go pras
- Baol go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- Baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- Baol go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir chun na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- Baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne nó ball eagraíocht eile díobháil do leanbh sa scoil agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí lasmuigh den scoil m.sh. turas scoile, ceachtanna snámha
- Baol ar dhíobháil de bharr bulaíocht ar leanbh
- Baol ar dhíobháil de bharr maoirseacht easnamhach leanaí sa scoil
- Baol ar dhíobháil de bharr maoirseacht easnamhach leanaí agus iad ag freastal ar imeachtaí lasmuigh den scoil
- Baol ar dhíobháil de bharr caidreamh / cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh eile nó duine fásta
- Baol ar dhíobháil de bharr leanaí a bheith ag rochtain / ag úsáid ríomhairí, meáin shóisialta, fón agus gairis eile ar bhealach míchuí agus iad ar scoil
- Baol ar dhíobháil do leanaí a bhfuil RSO acu agus a bhfuil soghontacht ar leith ag baint leo
- Baol ar dhíobháil do leanbh nuair a bhíonn an leanbh faoi dhlúthchúram
- Baol ar dhíobháil de bharr cód iompair easpach

- Baol ar dhíobháil i suíomh teagaisc, comhairleoireachta cóitseála duine le duine
- Baol ar dhíobháil de bharr ball de phearsanra na scoile cumarsáid a dhéanamh le scoláirí ar bhealach míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, gaireas digiteach nó ar mhodh eile
- Baol ar dhíobháil de bharr ball de phearsanra na scoile ábhar míchuí a rochtain / a chur i gcúrsaíocht trí na meáin shóisialta, téacsáil, gaireas digiteach nó ar mhodh eile

**Tá na nósanna imeachta seo a leanas in áit ag Gaelscoil Eois chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí dochair a aithníodh sa mheasúnú seo –**

- Tugtar cóip do gach pearsanra scoile de *Ráiteas um Chosaint Leanaí* na scoile
- Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017* ar fáil do gach pearsanra scoile
- Bíonn ar phearsanra scoile cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017* agus bíonn ar gach ball foirne cláraithe cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015
- Cuireann an scoil i bhfeidhm ina iomláine an Clár Bí Folláin
- Cuireann an scoil i bhfeidhm ina iomláine an curaclam OSPS
- Cuireann an scoil i bhfeidhm ina iomláine an Clár Folláine don tSraith Shóisearach
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* na Roinne
- Tá beartas maoirseachta ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn, tionóil, am imeachta agus sosanna i dtaca le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis srl.
- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire in áit ag an scoil i dtaca le cuairteanna scoile
- Tá beartas Sábháilteachta agus Sláinte ag an scoil
- Cloíonn an scoil le riachtanais reachtaíocht an Gharda Síochána agus chiorcláin chuí ROS maidir le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán na nGardaí
- Tá cód iompair do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc) ag an scoil.
- Cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá beartas Riachtanais Speisialta Oideachais ag an scoil
- Tá plean dlúthchúraim ag an scoil i dtaca le scoláirí a mbíonn cúram dá leithéid ag teastáil uathu
- Tá beartas agus nósanna imeachta chun míochaine a thabhairt do scoláirí i bhfeidhm ag an scoil
- Chuige sin –

    Thug an scoil cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile do gach ball foirne

    Cinntíonn an scoil go bhfaigheann gach ball nua foirne cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile

    Spreagann an scoil an fhoireann chun tairbhe a bhaint as oiliúint ábhartha

    Spreagann an scoil baill den Bhord Bainistíochta chun tairbhe a bhaint as oiliúint ábhartha

    Coimeádann an Bord Bainistíochta taifid de gach ócáid oiliúna a bhíonn ag baill foirne agus Boird

- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil i gcomhair Cóireáil Gharchabhrach a thabhairt
- Tá cód iompair do scoláirí i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas TFC i bhfeidhm ag an scoil i ndáil le húsáid TFC i measc scoláirí
- Tá beartas fón póca i bhfeidhm ag an scoil i ndáil le húsáid fóin phóca i measc scoláirí
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas Teagmhála Baile agus Scoile agus nósanna imeachta a bhaineann leis i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta i gcomhair daoine seachtracha chun cur le seachadadh an churaclaim i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil i gcomhair cóitseálaithe seachtracha spóirt
- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire i gcomhair gníomhaíochtaí teagaisc ar bhonn duine le duine i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire i gcomhair comhairleoireacht ar bhonn duine le duine i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil i dtaca le socrúcháin múinteoirí faoi oiliúint
- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil i dtaca le scoláirí a bheith ag déanamh taithí oibre sa scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil i dtaca le scoláirí na scoile a bheith i mbun taithí oibre le heagraíochtaí seachtracha

Agus é ag thabhairt faoin measúnú riosca seo, d'fhéach an bord bainistíochta lena aithint chomh fada agus ab fhéidir na baoil ar dhíobháil a bhaineann leis an scoil seo agus lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta fónta curtha faoi réir chun gach riosca a aithníodh a bhainistiú. Cé nach féidir gach baol díobhála a thuar ná a chealú, tá gnásanna i bhfeidhm ag an scoil a liostaítear sa mheasúnú riosca seo d'fhonn an riosca a bhainistiú chomh dian agus a laghdú chomh mór agus ab fhéidir.

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*

Chuir an Bord Bainistíochta an measúnú riosca seo i gcrích ar **22ú Deireadh Fómhair 2025** Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráitis um Chosaint Leanaí.

**Síniú**_Brendan Ó Dufaigh_ **Dáta: 22ú Deireadh Fómhair 2025**

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

**Síniú**: _Laura Nic Grianna_ **Dáta: 22ú Deireadh Fómhair 2025**

Príomhoide / Rúnaí don Bhord Bainistíochta